Polasaí Tinrimh na Scoile

Cuirtear an-bhéim ar dhea-thinreamh scoile anseo i gColáiste an Phiarsaigh. Leagtar an-bhéim sa scoil ar dhaltaí a spreagadh chun freastal ar scoil gach lá. Tuigimid freisin an tábhacht a bhaineann le cúntas cruinn a choimeád ar thinreamh na ndaltaí atá faoinár gcúram. Tá córas cuimsitheach anseo sa scoil againn le cinntiú go gcoimeádtar taifead cruinn ar an tinreamh scoile. Déantar athbhreithniú go minic ar an gcóras seo le cinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú i gceart agus athruithe a dhéanamh más gá.

Bíonn géarghá le comhoibriú idir tuismitheoirí, caomhnóirí, daltaí agus foireann na scoile maidir le tinreamh agus de dheasca an comhoibriú seo is féidir linn a bheith cinnte go bhfaigheann gach dalta an deis dul chun cinn sásúil a dhéanamh agus buaic a chumais a bhaint amach.

Ról an Tuismitheora/Chaomhnóra:

- Iarrtar ar thuismitheoirí an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh agus tráthúlacht a phlé lena bpáiste agus a léiriú go bhfuil meas acu ar seo trí iarracht a dhéanamh laethanta saoire, coinní srl. a eagrú taobh amuigh d'am scoile
- **Baintear úsáid as an aip scoile chun teagmháil idir an baile agus an scoil a éascú**
- **Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí nóta i dtaobh díláithreachais nó coinní a chur ar an aip agus a chinntiú go bhfuil an nóta ar an aip agus an dalta ag fágaint/filleadh ar scoil. Iarrtar freisin an scoil a chur ar an eolas faoin díláithreachas roimh ré más féidir.**
- I gcás aon díláithreachas fadtéarmach, tá sé de dhualgas ar thuismithoirí/chaomhnóirí údaráis na scoile a chur ar an eolas faoi.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí a chinntiú go mbíonn a bpáistí ar scoil gach lá, seachas nuair a bhíonn leithscéal cuí acu a bheith as láthair

Ról an Dalta:

- Tá sé de dhualgas ar an dalta freastal ar gach rang i rith an lá scoile agus cead múinteora a fháil más gá an rang a fhágaint ar chúis ar bith
- Tá sé de dhualgas ar gach dalta dul go ranganna in am i rith an lá scoile
- **Mas gá don dalta an scoil a fhágaint i rith an lá scoile (8.50 – 3.30 nó 08.50 – 13.00 ar an Aoine) nó teacht ar scoil déanach, is mithid dóibh dul chuig an oifig agus na treoracha a leanúint.**
- Tá sé de dhualgas ar an dalta cuntas seachtainiúil a líonadh i ndialann an dalta chun méid iomlán na laethanta atá caillte de bharr díláithreachais a choiméad. Tugann sé seo cuntas iomlán ag deireadh na bliana.

Ról an Mhúinteora:

- Coiméadann gach múinteoir rolla ranga agus líontar é sin ag 8.50 gach maidin
- Má bhíonn amhras ar mhúinteoir faoi dhíláithreachas dalta, labhrann siad leis an múinteoir bliana faoi
- Má thagann dalta déanach go dtí an chéad rang ar maidin, seolann an múinteoir an dalta sin chuig na hoifige.
- **Má thagann dalta déanach ar scoil gan nóta ar an aip scoile ag míniú na cúise, bíonn orthu dul go hoifig na scoile agus fanann siad ann ag staidéar go dtí go dtosnaíonn an chéad thréimhse eile.**

Ról an Mhúinteoir Bliana:

- Coimeádann an múinteoir bliana súil ghéar ar nótaí díláithreachais uair in aghaidh na seachtaine le linn tréimshe an mhúinteoir ranga/mhúinteoir bliana
- Spreagann agus gríosann siad na daltaí a bheith ar scoil agus pléann siad an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh
- Déanann an múinteoir bliana teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí má tá buarthaí ann faoi dhíláithreachas daltaí

Ról an Leas-Phríomhoide:

- Coimeádann an leas-phríomhoide cuntas ar dhíláithreachas. Marcálann sé/sí an díláithreachas faoi na ceannteidil seo a leanas:
    - Tinneas
    - Cúiseanna clainne
    - Gan míniú
    - Gníomhaíocht scoile
    - Déanach
    - Ar fionraí
    - Eile

- Cuirtear an t-eolas seo faoi bhráid an Phríomhoide agus chuig an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais go rialta
- I gcás dalta a chailleann 20 lá nó níos mó in aon scoilbhliain amháin, tá sé de dhualgas ar an scoil na sonraí faoin díláithreachas a chur ar fáil don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais
- Bíonn teagmháil rialta idir an Príomhoide, an Leas-Phríomhoide agus na múinteoirí bliana maidir le díláithreachas daltaí
- **Bíonn daltaí a thagann thar n-ais ar scoil ar bhonn páirtaimseartha de bharr cúrsaí sláinte faoi chúram an Leas-Phríomhoide.**

Faofa ag an mBord Bainistíochta ar an 23ú Samhain 2021

Sínithe:

Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

Sínithe:

Rúnaí, Bord Bainistíochta